II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/158 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Feabhra 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1641 maidir le hallmhairí moileasc débhlaoscach, eicínideirmeach, túiniceach agus gastrapód muirí beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte lena gcaitheamh ag an duine ó Stáit Aontaithe Mheiriceá

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 129(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([2]), agus go háirithe Airteagal 238(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625 leagtar síos rialacha ginearálta maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla le comhlíonadh a fhíorú i gcás rialacha a bhfuil d'aidhm acu rioscaí, cibé acu go díreach nó tríd an timpeallacht, do dhaoine agus d'ainmhithe a chosc, a dhíothú nó a laghdú go dtí leibhéal inghlactha.

(2) Go háirithe, leagtar síos le Rialachán (AE) 2017/625 coinníollacha ginearálta maidir le teacht isteach ainmhithe agus earraí san Aontas ó thríú tíortha nó ó réigiúin díobh, lena n-áirítear bia lena chaitheamh ag an duine. Le hAirteagal 129 de Rialachán (AE) 2017/625 tugtar de chumhacht don Choimisiún a aithint gur coibhéiseach iad bearta a chuireann tríú tíortha, nó réigiúin díobh, i bhfeidhm agus na ceanglais a leagtar síos i rialacha áirithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán sin, má thugann na tríú tíortha cruthúnas oibiachtúil i ndáil leis sin. Tugtar de chumhacht don Choimisiún leis freisin na coinníollacha lena rialaítear teacht isteach na n-ainmhithe agus na n-earraí sin san Aontas ó na tríú tíortha sin nó ó na réigiúin sin díobh, go háirithe maidir le cineál agus ábhar na ndeimhnithe nó na bhfianuithe oifigiúla atá le gabháil leis na tráchtearraí sin.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.
([2]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

(3) I gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1641 ón gCoimisiún ([3]), na bearta a chuirtear i bhfeidhm i Stáit Massachusetts agus Washington sna Stáit Aontaithe chun an tsláinte phoiblí a chosaint i ndáil le moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí bheo, fhuaraithe, reoite nó phróiseáilte lena gcaitheamh ag an duine a tháirgeadh agus a chur ar an margadh, is coibhéiseach iad leis na ceanglais a leagtar síos i rialacha a mhéid a bhaineann le sábháilteacht bia dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1641 bunaítear deimhniú oifigiúil caighdeánach le haghaidh allmhairí moileasc débhlaoscach, eicínideirmeach, túiniceach agus gastrapód muirí beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte lena gcaitheamh ag an duine ó na Stáit Aontaithe. Leis an deimhniú oifigiúil caighdeánach, ceanglaítear go ndéanfaidh cigire oifigiúil a dheimhniú gur coibhéiseach iad na bearta arna gcur i bhfeidhm maidir leis na tráchtearraí sin a tháirgeadh agus a chur ar an margadh leis na ceanglais a leagtar síos i rialacha a mhéid a bhaineann le sábháilteacht bia dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625.

(5) I gcomhréir leis na bearta a chomhaontaítear le roinn an Údaráis Bia agus Drugaí sna Stáit Aontaithe atá freagrach as moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí bheo, fhuaraithe, reoite nó phróiseáilte lena gcaitheamh ag an duine a onnmhairiú chuig an Aontas, ba cheart an deimhniú oifigiúil caighdeánach a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1641 a oiriúnú don fhormáid iomchuí le haghaidh onnmhairiú na dtráchtearraí sin chuig an Aontas. Go háirithe, ba cheart dáta imeacht na gcoinsíneachtaí a chur in iúl ar an deimhniú oifigiúil caighdeánach. Thairis sin, ba cheart faisnéis a sholáthar cé acu atá na tráchtearraí deimhnithe lena gcaitheamh ag an duine nó lena ndíol leis an tomhaltóir deiridh.

(6) De bhreis ar cheanglais sláinte poiblí an deimhnithe oifigiúil chaighdeánaigh a bhunaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1641, maidir le moilisc dhébhlaoscacha bheo de speicis a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([4]), atá lena gcaitheamh ag an duine, agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na moilisc sin, a bhfuil sé beartaithe tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu san Aontas roimh a gcaitheamh ag an duine, níor cheart dóibh teacht isteach san Aontas ach amháin má ghabhann deimhniú oifigiúil leo ar a bhfuil na fianuithe iomchuí sláinte ainmhithe. Dá bhrí sin, chun ceanglais sláinte ainmhithe a chomhlíonadh lena dtugtar ráthaíochtaí atá coibhéiseach leis na ráthaíochtaí a thugtar le reachtaíocht an Aontais, ba cheart a áireamh ar an deimhniú oifigiúil caighdeánach na ceanglais ghinearálta sláinte ainmhithe maidir le teacht isteach san Aontas, mar a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointí (a) agus (b), Airteagail 6(2) agus 7(1) agus Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([5]), maille leis na ceanglais shonracha sláinte ainmhithe maidir le teacht isteach na dtráchtearraí sin san Aontas mar a leagtar amach in Airteagal 167, pointí (a), (c)(ii), (c)(iii) agus (d), agus Airteagal 169(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1641 a leasú dá réir.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le an Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1641.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1641 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2020 maidir le hallmhairí moileasc débhlaoscach, eicínideirmeach, túiniceach agus gastrapód muirí beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte lena gcaitheamh ag an duine ó Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 370, 6.11.2020, lch. 4).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus liosta de ghrúpaí speicis ar mór is baol dóibh na galair liostaithe sin a scaipeadh (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

DEIMHNIÚ OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE MOILISC DHÉBHLAOSCACHA, EICÍNIDEIRMIGH, TÚINICIGH AGUS GASTRAPÓID MHUIRÍ BHEO, FHUARAITHE, REOITE NÓ PHRÓISEÁILTE LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE TEACHT ISTEACH SAN AONTAS Ó STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ

Cuid I: Sonraí na coinsíneachta seolta

I.1. Coinsíneoir/Onnmhaireoir Ainm Seoladh Cód poist Uimh Theileafóin				I.2. Uimhir thagartha an deimhnithe			I.2.a.
				I.3. Údarás Inniúil Lárnach			
				I.4. Údarás Inniúil Áitiúil			
I.5. Coinsíní/Allmhaireoir Ainm Seoladh Cód poist Uimh Theileafóin				I.6.			
I.7. An tír thionscnaimh Stáit Aontaithe Mheiriceá	Cód ISO US	I.8. An stát tionscnaimh FÉACH BOSCA I.28	Cód FÉACH BOSCA I.28	I.9. An tír chinn scríbe	Cód ISO		I.10.
I.11. Áit seolta Ainm Uimhir formheasa Seoladh				I.12.			
I.13. Áit luchtaithe				I.14. Dáta imeachta			

I.15. Modh iompair Eitleán☐ Long☐ Vaigín iarnróid☐ Sainaithint Tagairtí doiciméadacha:	I.16. Post rialaithe teorann chun an Aontais isteach I.17
I.18. Tuairisc ar an tráchtearra	I.19. Cód an tráchtearra (cód HS) I.20. Cainníocht
I.21. Teocht na dtáirgí Comhthimpeallach ☐ Fuaraithe ☐ Reoite☐	I.22. An líon pacáistí
I.23. Cód sainaitheantais an choimeádáin/Uimhir an tséala	I.24. Cineál pacáistíochta
I.25. Tráchtearraí arna ndeimhniú le haghaidh ☐ Earraí lena gcaitheamh ag an duine ☐ Tomhaltóir deiridh	

I.26.	I.27. Le haghaidh allmhairiú chuig an Aontas nó cead isteach ann ☐

I.28. Sainaithint na dtráchtearraí

Speiceas (An t-ainm eolaíoch)	Cineál an tráchtearra	Cineál cóireála	Ainm agus uimhir formheasa na monarchan monaraíochta	Suíomh saothraithe/ Bunaíocht tionscnaimh	Baisc uimhir	An líon pacáistí	Glanmheachan

Deimhniú tréidliachta na Stát **Aontaithe (SAM) chuig an Aontas Eorpach**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

II.1. **Fianú sláinte poiblí maidir le moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí bheo, fhuaraithe, reoite nó phróiseáilte lena gcaitheamh ag an duine**

Deimhnímse, a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas:

— Na táirgí a thuairiscítear anseo, comhlíonann siad na caighdeáin agus ceanglais ábhartha SAM de chuid chlár rialaithe rialála iasc sliogáin moileascach SAM agus táirgeadh iad i gcomhréir leis na caighdeán agus na ceanglais sin.

— Tá na táirgí a thuairiscítear anseo lipéadaithe mar tháirgí nach bhfuil le tumadh in aon uisce san Aontas ná le teagmháil a dhéanamh leis.

— An t-ábhar sliogiasc ar fad de thionscnamh eachtrach a úsáidtear sna táirgí seo, is de thionscnamh tríú tíortha/bunaíochtaí/limistéir shaothrúcháin atá formheasta moilisc dhébhlaoscacha bheo a onnmhairiú chuig an Aontas atá sé.

(1) (2)[II.2. **Fianú sláinte ainmhithe le haghaidh moilisc dhébhlaoscacha bheo[3] de speicis liostaithe lena gcaitheamh ag an duine,**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo go gcomhlíonann na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.18 de Chuid I na gnéithe seo a leanas:

II.2.1. na ceanglais ghinearálta sláinte ainmhithe maidir le teacht isteach san Aontas, a leagtar amach in Airteagal 6(1), i bpointí (a)[4], agus (b), Airteagail 6(2) agus 7(1) agus Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([A]);

II.2.2. na ceanglais shonracha sláinte ainmhithe maidir le teacht isteach na dtráchtearraí lena mbaineann an deimhniú seo san Aontas, a leagtar amach in Airteagal 167, pointí (a), (c)(ii), (c)(iii) agus (d), agus Airteagal 169(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.]

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí don Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Cuid I:

— Tagairt bhosca I.8: An réigiún tionscnaimh: stát an tsaothraithe i SAM agus cód an limistéir táirgthe fhormheasta.

Cuid II:

(1) Níl feidhm ag Cuid II.2 den deimhniú seo ach amháin maidir leis na tráchtearraí seo a leanas de mhoilisc dhébhlaoscacha bheo lena gcaitheamh ag an duine:

(a) moilisc de speicis liostaithe a iompraítear gan uisce agus a dhéantar a phacáistiú agus a lipéadú lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na hainmhithe sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([B]) agus nach féidir leo maireachtáil mar ainmhithe beo a thuilleadh má chuirtear ar ais sa chomhshaol uisceach iad;

(b) moilisc de speicis liostaithe a iompraítear gan uisce lena gcaitheamh ag an duine gan tuilleadh próiseála, ar choinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na pacáistí sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(c) moilisc de speicis liostaithe a iompraítear gan uisce agus a dhéantar a phacáistiú agus a lipéadú lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na hainmhithe sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus a bhfuil sé beartaithe tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu gan stóráil shealadach ag an áit phróiseála.

(2) Níl feidhm ag Cuid II.2 agus ba cheart í a scriosadh, i gcás inarb éard atá i gcoinsíneacht ainmhithe uisceacha fiáine a thugtar i dtír le soithí iascaireachta.

(3) Speicis a liostaítear i gcolúin 3 agus 4 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([C]). Ní mheasfar gur veicteoirí iad na speicis a liostaítear i gcolún 4 den tábla sin ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 171(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(4) I gcás ina bhfuil an galar ábhartha agus intuairiscithe.

(5) Le síniú ag:

— tréidlia oifigiúil i gcás ina líontar isteach fianú sláinte ainmhithe chuid II.2;

— oifigeach deimhniúchán nó tréidlia oifigiúil i gcás ina scriostar an fianú sláinte ainmhithe i gcuid II.2.

[Tréidlia oifigiúil][5] / [Oifigeach deimhniúcháin][5]

Ainm (ina Cheannlitreacha)_____

Cáilíocht agus teideal_____

Dáta_____

Síniú_____

Stampa

([A]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([B]) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena eagtar síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

([C]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).